



An Chéadaoin: Na Seantuismitheoirí: Ag tabhairt aire don domhan coiteann

Nóta: Baineadh na múinteoirí úsáid as na gníomhaíochtaí thíos de réir mar a oireann. Bí cinnte faoi go gcuirtear san áireamh nach mbeidh seantuismitheoir ag gach dalta, cuid acu ar shlí na fírinne b'fhéidir, nó thar lear, seans nach bhfuil teagmháil ar bith ag cuid paistí leis na seantuismitheoirí.

Is féidir le rang ar bith dul i ngleic leis na gníomhaíochtaí seo ag leibhéal áirithe. Roghnaigh an gníomhaíocht a oireann don rang de réir mar a thiteann cúrsaí.

Gníomhaíochtaí

Is bronntanas ar leith inár saol iad na seantuismitheoirí. Tugann siad aire dúinn agus muid ag fás aníos, agus is minic go mbaineann tábhacht leis an méid a mhúineann siad dúinn mar oidí inár saol. Múineann siad dúinn faoin domhan is a bhfuil ann, bhíodar féin ag tabhairt aire dó i bhfad sular tháingamar féin ar an saol le cabhair a thabhairt! Tá athruithe suntasacha sa saol tugtha faoi deara acu, cuid acu a chuaigh chun sochair an phobail, cuid acu a spreag toradh diúltach.

- Tarraing pictiúr den seantuismitheoir nó den shinsheantuismitheoir ag baint úsáide as an bhfráma ar *leathanach 2*. Scríobh an t-ainm ar an líne bhriste faoin bpictiúr. Cad iad na focail is fearr le cur síos a dhéanamh ar an seantuismitheoir? Déan nóta de na focail agus breac imeall na portráide leo.
- Tabhair cóip de 'Dán do na Seantuismitheoirí' ar *leathanach 3* do gach dalta. Déan an dán a iniúchadh leis na daltaí, agus abair leo cóip a mhaisiú mar bhronntanas do na seantuismitheoirí.
- Déan liosta deich rud a d'fhoghlaimíodh ó na seantuismitheoirí. Is minic gur oidí tábhachtacha inár saol iad na seantuismitheoirí. (Déan a leithéid mar rang iomlán nó lig don dalta indibhidiúil an teimpléad ar *leathanach 4* a úsáid.)
- Tabhair cuireadh do sheantuismitheoir teacht chun an ranga. Bíodh liosta ullmhaithe ag na daltaí maidir leis na difríochtaí a bheadh idir shaol an lae inniu agus an saol nuair a bhí na seantuismitheoirí óg. Bain úsáid as na ceannteidil ar *leathanach 5* agus lig do na daltaí an méid a d'fhoghlaimíodar a thairfead. D'fhéadfá cóip den teimpléad ar *leathanach 5* a thabhairt do gach dalta agus ligean dóibh féin na hathruithe a tháinig ar an domhan coiteann le linn a saol a phlé leis na seantuismitheoirí ag baint úsáide as na ceannteidil tugtha.





Tugann mo Sheantuismitheoir Aire Dom!

DÁN DO NA SEANTUISMITHEOIRÍ

Is aoibhinn liom na seantuismitheoirí
Múineann siad rudaí nua dom i gcónaí
Freagraíonn siad ceisteanna más gá
Cabhraíonn leis an obair scoile gach lá

Bíonn am acu i gcónaí dom
Bíonn siad sásta rudaí a roinnt liom
Tugann siad dom eolas agus sólás
Ionas gur féidir liom foghlaim agus fás

Is feasach iad faoi stair an domhain
Faoin uile rud a chónaíonn ann,
Múineann siad dom an cúram is an grá
Ionas go dtugaim buíochas do Dhia gach lá.





Deich rud a d'fhoghlaim mé ó na seantuismitheoirí ...

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

**Is feasach iad faoi stair an domhain
Faoin uile rud a chónaíonn ann,**

**Múineann siad dom an cúram is an grá,
Ionas go dtugaim buíochas do Dhia gach lá**





Agallamh le Seantuismitheoir!

Catagóirí	An domhan fadó ...	Domhan an lae inniu ...
Teicneolaíocht		
Iompar		
An Scoil		
Laethanta Saoire		
Cluichí agus Bréagáin		
Ag tabhairt aire don phláinéad		

